

Márta 2019

FÓGRA D'FHOSTÓIRÍ AGUS SOLÁTHRAITHE PINSIN

Fógraí Párolla na gCoimisinéirí Ioncaim (Fógraí FPCI) i ndáil le méadú íocaíochtaí na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS)

Go ginearálta, is foinsí ioncaim incháinite iad íocaíochtaí ón RGFCS. I gcás daoine aonair a ngearrtar cáin orthu faoin gcóras ÍMAT, bailítear an cháin dhlite ar na híocaíochtaí seo trína gcreidmheasanna cánach agus a scoithphointí a laghdú. Tá íocaíochtaí ón RGFCS díolmhaithe ó MSU agus ÁSPC.

I mí an Mhárta 2019, tháinig an méadú ar phinsin agus íocaíochtaí ón RGFCS a fógraíodh i mBuiséad 2019. Tá ár dtaifid tugtha cothrom le dáta chun athruithe ar na rátaí nua íocaíochta a chur san áireamh agus beidh na fógraí FPCI leasaithe ar fáil ón 8 Aibreán d'fhostóirí/soláthraithe pinsin do gach fostaithe/pinsinéirí lena mbaineann sé. Ní mór d'fhostóirí i gcónaí úsáid a bhaint as an FPCI is cothrom le dáta.

Tabhair do d'aire

Meabhraítear d'fhostóirí/soláthraithe pinsin go gcuireann na gCoimisinéirí Ioncaim an tsuim incháinite den Shochar Breoiteachta nó den Sochar Díobhála Ceirde san áireamh i bhfógraí FPCI fostaithe agus pinsinéirí. Níor chóir d'fhostóirí Sochar Breoiteachta incháinite a chur san áireamh le pá i bpárolla.

An Líne Chabhrach Náisiúnta d'Fhostóirí

Cuireann an **Líne Chabhrach Náisiúnta d'Fhostóirí** eolas agus tacaíocht ar fáil d'fhostóirí agus do sholáthraithe pinsin. Seo a leanas na sonraí teagmhála:

M'Fhiosruithe: Roghnaigh 'ÍMAT Fostóra' sa bhosca 'Baineann m'Fhiosrú le'.